2024/3016

20.12.2024

# CINNEADH (AE) 2024/3016 ÓN gCOMHAIRLE

## an 18 Márta 2024

## maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), agus Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/2761 [2] ón gComhairle, síníodh an Comhaontú Eatramhach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Comhaontú') an 13 Nollaig 2023 , faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe ar dháta níos déanaí. I gcomhréir leis an gCinneadh sin, formheasadh, thar ceann an Aontais, an Ráiteas Comhpháirteach ón Aontas Eorpach agus ó Phoblacht na Sile i dtaca leis na Forálacha maidir le Trádáil agus leis an bhForbairt Inbhuanaithe atá sa Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, atá i gceangal leis an gComhaontú.

(2) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(3) De bhun Airteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is iomchuí údarú a thabhairt don Choimisiún le formheas a dhéanamh thar ceann an Aontais ar mhodhnuithe áirithe ar an gComhaontú atá le glacadh trí nós imeachta simplithe de bhun Airteagal 21.20 agus 33.11(6) den Chomhaontú, agus ag comhlacht arna chur ar bun leis an gComhaontú de bhun Airteagal 25.34 agus fhomhír (a) (x) d'Airteagal 33.1(6) de.

(4) Ní thugtar leis an gComhaontú, i gcomhréir le hAirteagal 33.14 de, laistigh den Aontas, cearta do dhaoine ná ní fhorchuirtear oibleagáidí ar dhaoine, seachas na cearta sin agus na hoibleagáidí sin arna gcruthú idir na Páirtithe faoin dlí poiblí idirnáisiúnta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Leis seo déantar an Comhaontú Eatramhach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile [3] a fhormheas thar ceann an Aontais.

### *Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 21.20 den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún aon mhodhnú nó aon cheartúchán ar Iarscríbhinní 21-A agus 21-B a ghabhann leis an gComhaontú, a fhormheas thar ceann an Aontais, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála.

(1) Toiliú an 29 Feabhra 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
(2) Cinneadh (AE) 2023/2761 ón gComhairle an 4 Nollaig 2023 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (IO L, 2023/2761, 7.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2761/oj).
(3) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in OJ L, 2024/2953, 20.12.2024, http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2024/2953/oj.

*Airteagal 3*

Chun críocha Airteagal 25.34 agus fhomhír (a)(x) d'Airteagal 33.1(6) den Chomhaontú, aon leasú ar Iarscríbhinn 25-C a ghabhann leis an gComhaontú, déanfaidh an Coimisiún é a fhormheas thar ceann an Aontais, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála.

*Airteagal 4*

Chun críocha Airteagal 33.11(6) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a fhormheas thar ceann an Aontais, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála:

(a) aon leasú ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Trádáil i bhFíonta in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Sile, den pháirt eile ([4]) arna shíniú an 18 Samhain 2002 ('an Comhaontú Comhlachais'), arna n-ionchorprú sa Chomhaontú;

(b) aon leasú ar na foscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Trádáil i Biotáillí agus Deochanna Cumhraithe in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais, arna n-ionchorprú sa Chomhaontú.

*Airteagal 5*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 33.9(1) den Chomhaontú, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl ([5]).

*Airteagal 6*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Márta 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. BORRELL FONTELLES

---

([4]) IO L 352, 30.12.2002, lch. 3.

([5]) Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.